



# SCÉIM OIFIG AN CHOIMISIÚIN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ 2005 – 2008

faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí  
Office of the Commission for Public Service Appointments

# CLÁR

## Chapter 1

- 1.1 Réamhrá agus Cúlra
- 1.2 Ullmhú na Scéime
- 1.3 Ábhar agus dáta tosaithe na Scéime Teanga
- 1.4 Forléargas ar Oifig an Choimsiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
- 1.5 Measúnú ar chomh forleathan is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

## Chapter 2

- 2.1 Feidhmeanna
- 2.2 Réim Teanga a fheidhmíonn an Oifig

## Chapter 3

- 3.1 Cur le Seirbhísí a bheidh le Soláthar go Dátheangach

## Chapter 4

- 4.1 Monatóireacht agus Athbheithniú

## Chapter 5

- 5.1 Fógraíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

## CAIBIDIL 1

### 1.1 Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí an scéim seo Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Forálann Alt 11 nach mór do chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ag mionsonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

chomh maith leis na bearta a bheidh le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á sholáthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh d'am comhaontuithe.

### 1.2 Ullmhú na Scéime

D'fhoilsigh an Oifig fógra faoi Alt 13 an 13 Eanáir 2005 ag fáiltiú roimh uirill ó pháirtithe leasmhara d'ullmhú na dréachtscéime faoi Alt 11.

Chuir na haighneachtaí sin an scéim seo ar an eolas. Tá an Oifig buíoch as an iarracht a rinne gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas seo agus as an am a chaith siad leis.

### 1.3 Ábhar agus Dáta Tosaithe na Scéime Teanga

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuireadh tús leis an scéim le héifeacht ón 30 Bealtaine 2005 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go ndeimhneoidh an tAire scéim nua de bhua Alt 15 den Acht, cibé acu is túisce.

Cuireann an scéim leis an tiomantas a bhí i bhfeidhm laistigh d'Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ó bunaíodh í an 19 Deireadh Fómhair 2004 chomh maith le cur leis na Prionsabail Seirbhísí Custaiméirí ar Ardchaighdeán. Beidh freagracht ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Oifig monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

Áirítear sa scéim tiomantas measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an léibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go ndéanann an Oifig seo freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte agus seasmhach.

## 1.4 Forléargas ar Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i nDeireadh Fómhair 2004 faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 mar chomhlacht neamhspleách chun rialú a dhéanamh ar earcaíocht sa tSeirbhís Phoiblí agus in eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile atá sonraithe sa reachtaíocht.

Leagann an Coimisiún caighdeán amach a fhoilsíonn sé mar chóid chleachtais d'earcaíocht agus do roghnúchán sa Státseirbhís agus i roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí. Ceann de príomhaidhmeanna an Choimisiúin ná cosaint a dhéanamh ar na caighdeán sin trí mhonatóireacht rialta agus iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí earcaíochta agus roghnúcháin.

Bronnann an Coimisiún freisin ceadúnais ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí ar leith chun earcaíocht a dhéanamh thar a cheann féin nó le cabhair ó ghníomhaireachtaí earcaíochta san earnáil phríobháideach a bhíonn ceadaithe ag an gCoimisiún.

Tacaíonn Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí le hobair an Choimisiúin. Tá an Oifig leagtha amach mar aonad amháin ina gcomhlíontar feidhmeanna laethúla an Choimisiúin chomh maith le bainistiú ar obair airgeadais bainteach, ar Acmhainní Daonna agus ar nithe riaracháin oifige ginearálta eile. Tá foireann de 6 san oifig agus tá sé lonnaithe faoi láthair i dTeach Chapter, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

### Geallsealbhóirí

The outcome of the work of the Office of the Commission for Public Service Appointments impacts on our stakeholders. The key stakeholders are listed below. The external customers are recruitment agencies and members of the general public:

Bíonn tionchar ag toradh obair Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar ár ngeallsealbhóirí. Tá na príomh-geallsealbhóirí liostaithe thíos. Is gníomhaireachtaí earcaíochta iad na custaiméirí seachtracha:

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Ranna/Oifigí Rialtais  
An Garda Síochána  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Gníomhaireachtaí Earcaíochta san Earnáil Phríobháideach  
An Pobal i gCoitinne

Bíonn idirchaidreamh ag an Oifig le gníomhaireachtaí earcaíochta san earnáil phríobháideach mar go bhfuil freagracht ar an Oifig liosta de ghníomhaireachtaí earcaíochta a chur le chéile a d'fhéadfadh cabhrú le ranna/oifigí rialtais ó am go cheile agus le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile le tascanna a bhaineann leis an bpróiseas earcaíochta/roghnúcháin. Foilsítear fógra ar bhonn bliantúil ag iarraidh ar ghníomhaireachtaí a bhfuil suim acu ann iarratas a dhéanamh. Déanann an Coimisiún meastóireacht ar na hiarratais agus foilsíonn sé liosta de na gníomhaireachtaí earcaíochta ceadaithe.

Bíonn plé ag an gCoimisiún le daoine den phobal le linn dó a bheith ag freagairt d'fhiosruithe ginearálta, ag freagairt d'iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus i bpróiseáil cásanna ina ndéantar líomhaintí go bhfuil sárú á dhéanamh ar chóid chleachtais.

## 1.5 Measúnú ar chomh forleathan is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Is é príomhschuspóir an Achta ná a chinntiú go bhfuil níos mó teacht ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge ar chaighdeán níos airde.

Bunaíodh An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i nDeireadh Fómhair 2004. I mbunú na hOifige tugadh aird chuí ar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chuir an Coimisiún a fhoilseacháin ar fad ar fáil go dátheangach. Is iad sin a leanas:

- Cód Cleachtais d'Earcaíocht Sheachtrach i gComhair Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís
- Cód Cleachtais do Roghnú Daoine i gComhair Ceapacháin de Thoradh Ardú Céime chun Post sa Státseirbhís
- Cód Cleachtais d'Earcaíocht Sheachtrach agus Inmheánach i gComhair Ceapacháin chun Post leis An Garda Síochána
- Cód Cleachtais d'Earcaíocht i gComhair Ceapacháin chun Post a bhfuil Feidhm ag Acht na nÚdarás Áitiúil (Oifigigh agus Fostaithe)1926
- Cód Cleachtais d'Earcaíocht Sheachtrach agus Inmheánach i gComhair Ceapacháin chun Post i bhFeidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
- Cód Cleachtais do Cheapachán ar Bhonn Gearrthréimhse chun Post le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Plean Gníomh Seirbhísí Custaiméirí ar Ardchaighdeán 2004 - 2007
- Cairt Chustaiméirí
- Altanna 15 agus 16 den Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise.

Tá an láithreán gréasáin go hiomlán dátheangach. I gCairt Chustaiméirí an Choimisiúin tugann an Coimisiún tiomantas a oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh chomh maith le tiomantas a chinntiú go n-éascaítear don phobal leas a bhaint as a rogha teanga oifigiúil. Leagtar amach ann freisin na tiomantais seo a leanas:

- Beidh gach saoráid láithreáin ghréasáin go hiomlán dátheangach ar feadh thréimhse na Scéime seo.
- Beidh gach foilseachán a bheidh le cur ar fáil don phobal ar fáil i nGaeilge.

## CAIBIDIL 2

Cuireann an caibidil seo síos go hacomhair ar fheidhmeanna/ghníomhaíochtaí na hOifige agus leagtar amach ann réim teangacha oifigiúla a fheidhmíonn an oifig.

### 2.1 Feidhmeanna:

Caighdeáin d'Earcaíocht agus do Roghnúchán i gcomhair Ardú Céime a Bhunú

- caighdeáin ionracais, comhionannais agus cothroime a bhunú chomh maith le prionsabail eile a bheidh le leanúint agus daoine á n-earcú agus á roghnú do phoist sa Státseirbhís agus i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí eile

#### Cóid Chleachtais

- na caighdeáin a bhunaítear a fhoilsiú mar chóid chleachtais

#### Monatóireacht ar Chaighdeáin

- iniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar pholasaithe earcaíochta agus ar chleachtais chun na caighdeáin a chosaint agus chun a shocrú an bhfuil aird á thabhairt ar an gcód cleachtais

#### Ceadúnú

- meastóireacht ar iarratais ar cheadúnais earcaíochta
- ceadúnais earcaíochta a cheadú
- ceadúnais earcaíochta a chúlghairm nuair is gá
- treoracha agus comhairle a eisiúint do shealbhóirí ceadúnais

#### Nósanna Imeachta Achomharc

- nósanna imeachta achomharc cuí a bhunú agus a leagan amach

## Eolas a Sholáthar

- tuairisciú don Oireachtas agus don Rialtas
- eolas a sholáthar d'Airí ar fheidhmiú na bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin

## Liosta de Ghníomhaireachtaí Earcaíochta san Earnáil Phríobháideach a chur le chéile

- liosta de ghníomhaireachtaí earcaíochta gairmiúla san earnáil phríobháideach a fhoilsiú a d'fhéadfadh cuidiú le sealbhóirí ceadúnais le hearcaíocht.

## 2.2 An Réim Teanga a fheidhmiú an Oifig

Meán Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don Phobal

Cuirtear cumarsáidí na hOifige leis an bpobal i gcoitinne maidir lena seirbhísí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla lena n-áirítear:

- Próiseas iarratais agus eolas treorach do ghníomhaireachtaí earcaíochta
- Beidh gach foilseachán a bhfuil an pobal i gcoitinne mar lucht léitheoireachta aige ar fáil i nGaeilge
- Tá an láithreán gréasáin go hiomlán dátheangach agus beidh ar feadh shaolré na scéime
- Foilsítear gach Cód Cleachtais a fhoilsíonn an Coimisiún go dátheangach.

## CAIBIDIL 3

Mar gheall ar an gcineál oibre a bhíonn ar siúl ag an Oifig ní bhíonn plé mór ag an Oifig leis an bpobal. Sa chás, áfach, go mbíonn plé ag an Oifig leis an bpobal tá sé tiomanta go hiomlán a oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus tá siad sin leagtha amach i measc ár dtiomantas seirbhísí custaiméirí inár gCairt Chustaiméirí.

### 3.1 Cur le Seirbhísí a bheidh le Soláthar go Dátheangach.

3.1.1 Tá an Oifig tiomanta a chinntiú go mbeidh duine ar a fhoireann:

- a bheidh in ann ainm na hOifige a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla
- a mbeidh eolas aige/aici ar na príomhbheannachtaí i nGaeilge agus a bheidh in ann freagairt go sásúil don fhiosrú

3.1.2 Leanfaidh an Oifig ag éascú do chomhaltaí foirne freastal ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oifige agus dá bhri sin ag cur le cumas na hOifige freagairt do riachtanais a custaiméirí le Gaeilge

Laistigh de 12 mí beidh freastal déanta ag beirt dár seisear comhaltaí foirne ar chúrsa sheachadadh seirbhísí Gaeilge agus é mar aidhm leis cur lenár seirbhísí laethúla trí Ghaeilge.

## CAIBIDIL 4

### 4. Monatóireacht agus Athbhreithniú

- 4.1 Leanfaidh an Bhainistíocht Shinsearach laistigh den Oifig ag déanamh athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime seo. Mar go bhfuil ról na hOifige nua-bhunaithe seo ag athrú le himeacht ama déanfar gach iarracht buntáiste a bhaint as deiseanna nua chun cur leis an tseirbhís a sholáthraítear don phobal.

## CAIBIDIL 5

### 5. Fógraíocht ar an Scéim Comhaontaithe

- 5.1 Déanfar ábhar na scéime seo chomh maith le tiomantais agus forálacha na scéime a fhógairt don phobal i gcoitinne trí:

- An Láithreán Gréasáin
- Fógraíocht in Foinse

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.